**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000044/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Cristian-Silviu Buşoi**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Ábhar: Tacaíocht AE do phobal taighde na hÚcráine

Ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tá tacaíocht láidir léirithe ag pobal ardoideachais agus taighde an Aontais d'earnáil taighde agus nuálaíochta na hÚcráine. Cuireadh tionscnaimh éagsúla ar bun ar fud AE chun cabhair nithiúil a thabhairt. Tá tacaíocht chomhordaithe curtha ar fáil ag an gCoimisiún do na gníomhaíochtaí sin, agus údar léi, mar shampla, trí thairseach ERA4Ukraine a bhunú.

Maidir le deiseanna cistiúcháin, táthar ag súil go rachaidh scéim MSCA4Ukraine, a d'fhógair an Coimisiún mar chuid de Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, chun tairbhe suas le 200 taighdeoir. Ina theannta sin, rinneadh bearta riaracháin chun a áirithiú go bhféadfaidh eintitis de chuid na hÚcráine atá incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas Eorpach leanúint de chistiú a fháil ón gclár Fís Eorpach.

Cé go bhfuil na forbairtí sin tráthúil agus go gcuirtear fáilte rompu, ní mór tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh. Ní mór dúinn na féidearthachtaí dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus teacht ar bhealaí nua chun tacú le bonneagar taighde na hÚcráine a thabhairt slán agus a athchóiriú amach anseo. Ní fios fós an tionchar iomlán a bheidh ag an gcogadh agus is dócha nach mbeidh cobhsaíocht sa tír go ceann i bhfad.

1. An bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún deiseanna nua nithiúla maoinithe a chur ar fáil d'earnáil taighde agus nuálaíochta na hÚcráine?

2. An gcuirfidh sé tacaíocht shonrach ar fáil d'eolaithe agus do thaighdeoirí atá fós san Úcráin?

3. An bhfuil aon phleananna ar leith á bhforbairt aige chun tacú le bonneagar taighde na hÚcráine ina iomláine chun é a athbhunú tar éis an chogaidh?

4. An mbailíonn sé faisnéis faoi scéimeanna tacaíochta náisiúnta do chomhphobal taighde na hÚcráine chun dea-chleachtais a chomhroinnt ar leibhéal AE?

Curtha síos: 12.10.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 13.1.2023